2026/944

21.5.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 31/2026**

**an 6 Feabhra 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/944]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2312 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2025 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha le haghaidh tuarascálacha a bhfuil dátaí tagartha ón 30 Meán Fómhair 2025 go dtí an 30 Nollaig 2025 ag baint leo i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1zzi (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1794 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'1zzj. **32025 R 2312**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2312 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2025 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus cistí dílse bunúsacha le haghaidh tuarascálacha a bhfuil dátaí tagartha ón 30 Meán Fómhair 2025 go dtí an 30 Nollaig 2025 ag baint leo i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (IO L, 2025/2312, 18.11.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2312 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L 2025/2312, 18.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2312/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN